AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2015
COM(2015) 489 final

2013/0309 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis an

seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

2013/0309 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

maidir leis an

seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

1. CÚLRA

An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2013) 0627 final – 2013/0309 COD):	12.09.2013
Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa:	21.01.2014
Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh:	03.04.2014
An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle:	01.10.2015

2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é cuspóir an togra druidim níos gaire do mhargadh aonair don chumarsáid leictreonach. Ar an dóigh sin, ba cheart go gcuirfí ar a gcumas do shaoránaigh agus do ghnólachtaí rochtain a fháil ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí cibé áit a soláthraítear iad san Aontas, gan srianta trasteorann ná costais bhreise nach bhfuil údar leo. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfí ar a gcumas do chuideachtaí a sholáthraíonn líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí iad a sholáthar agus a fheidhmiú cibé áit san Aontas Eorpach a bhfuil siad bunaithe nó a bhfuil a gcustaiméirí lonnaithe.

Bhí forálacha sa togra ón gCoimisiún chun dul i ngleic le baic ar leith atá ar an margadh aonair don chumarsáid leictreonach. Go háirithe, foráladh maidir leis an méid seo a leanas ann: bunú údarú aonair de chuid an Aontais Eorpaigh i gcomhair soláthraithe trasteorann, comhordú sannachán speictrim, comhchuibhiú na dtáirgí rochtana atá riachtanach chun cumarsáid leictreonaí a chur ar fáil, comhchuibhiú na rialacha lena n-áirithítear idirlíon oscailte, comhchuibhiú na rialacha maidir le cosaint úsáideoirí deiridh, bearta chun deireadh a chur de réir a chéile le formhuirir fánaíochta, agus mionathruithe ar rialachas Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach.

3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

Ghlac an Chomhairle seasamh daingean chun raon feidhme an togra a theorannú do neodracht líonra agus d'fhánaíocht, agus deimhníodh an méid sin sa chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuirtear in iúl go soiléir sa straitéis don Mhargadh Aonair Digiteach a d'fhógair an Coimisiún an 6 Bealtaine 2015 go mbeidh an speictream faoi réir an athbhreithnithe teileachumarsáide atá beartaithe do 2016. Dá bhrí sin tá sé inghlactha raon feidhme an dréachtrialacháin a theorannú d'fhánaíocht agus do neodracht líonra. Leis an rogha seo cuirtear san áireamh na tásca soiléire atá sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 26 Meitheamh 2015 ina gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le gach gné de straitéis an Choimisiúin agus le gabháil d'athchóiriú uaillmhianach ar an gcreat teileachumarsáide, lena n-áirítear an speictream a chomhordú ar bhealach níos éifeachtúla.

Tríd is tríd, tacaítear sa seasamh ón gComhairle le príomhchuspóirí an togra ón gCoimisiúin, mar atá deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola agus rochtain oscailte ar an idirlíon a áirithiú, ach seirbhísí nuálacha a cheadú ag an am céanna. Tá an Chomhairle ag déanamh roinnt athruithe, áfach, ar an mbealach ina mbainfear na cuspóirí sin amach. Tá sé i gceist lena cuid leasuithe dáta a shainiú go soiléir le haghaidh deireadh a chur le formhuirir fánaíochta agus, ag an am céanna, a áirithiú go bhfuil an cealú sin inbhuanaithe, go háirithe trí am an athbhreithnithe ar mhargaí fánaíochta mórdhíola a shocrú go cuí agus trí shásra iomchuí a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar chásanna sonracha agus eisceachtúla ina mbeadh samhlacha muirearaithe baile neamh-inbhuanaithe, fiú amháin tar éis an athbhreithnithe ar mhargaí fánaíochta mórdhíola. (Forbrófar na sonraí seo i mbearta cur chun feidhme ón gCoimisiún).

Maidir leis an idirlíon oscailte, tugann an Coimisiún faoi deara go n-áirithítear cuspóir beartais an dréachtrialacháin sa téacs ón gComhairle, is é sin go gcumhdófar ceart gach saoránaigh den Eoraip rochtain a fháil ar a rogha ábhair ar an idirlíon gan idirdhealú. Ag an am céanna, cuirtear in iúl go soiléir sa téacs gur féidir caitheamh go comhionann le trácht agus bainistiú laethúil réasúnta a dhéanamh ar thrácht ar bhonn riachtanais theicniúla oibiachtúla a bhfuil údar leo agus ar neamhcheist le tionscnamh nó ceann scríbe na tráchta. Ina theannta sin, tá toirmeasc sa téacs maidir le hábhar sonrach, seirbhísí shonracha nó feidhmchláir shonracha, nó catagóirí díobh sin, a bhlocáil nó a theorannú nó idirdhealú a dhéanamh ina leith, cé is moite de thrí eisceacht riachtanacha atá teorannaithe go docht, is é sin chun cloí le dlíthe an Aontais Eorpaigh nó le dlíthe náisiúnta nó le bearta lena dtugtar feidhm do dhlíthe den sórt sin, chun críocha slándála líonra, agus chun plódú líonra sealadach nó eisceachtúil a bhainistiú. .

De bhreis air sin, tá sé leagtha síos sa téacs gur féidir seirbhísí nach seirbhísí rochtana idirlín iad, agus atá barrfheabhsaithe d'ábhar sonrach, d'fheidhmchláir shonracha nó do sheirbhísí sonracha, gur féidir iad a sholáthar ar choinníollacha áirithe. Is iad sin gur gá barrfheabhsú chun na riachtanais cáilíochta a bhaineann leis an ábhar, na feidhmchláir agus na seirbhísí sin a shásamh; nach ndéanfar iad a mhargú ná nach bhfuil siad in-úsáidte in ionad seirbhísí rochtana idirlín; gur leor an acmhainneacht atá ar fáil; agus nach ndéanfar dochar, de dheasca iad a sholáthar, do cháilíocht na seirbhísí rochtana idirlín d'úsáideoirí deiridh.

Beidh sé de chúram agus d'oibleagáid ar na húdaráis rialála inniúla a áirithiú, le faireachán agus le bearta maidir le cur i bhfeidhm, go gcomhlíonfar rialacha an Rialacháin agus nach ndéanfar dochar do chearta úsáideoirí deiridh, lena n-áirítear soláthraithe ábhair, seirbhísí agus feidhmchláir.

Leis an gcur chuige cothrom seo, déantar cáilíocht na seirbhísí rochtana idirlín a chosaint gan cosc a chur ar nuáil. Ar deireadh, tá leagtha síos sa togra cearta áirithe don úsáideoir deiridh

atá riachtanach chun na forálacha maidir le fánaíocht agus neodracht líonra a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Tacaíonn an Coimisiún leis na torthaí seo.

As deireadh an phlé neamhfhoirmiúil thrípháirtigh a bhí ann an 23 Márta 2015, an 21 Aibreán 2015, an 2 Meitheamh 2015 agus an 29 Meitheamh 2015, tháinig an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú polaitiúil sealadach maidir leis an téacs.

Dhearbhaigh an Chomhairle an comhaontú polaitiúil sin an 8 Iúil 2015, agus ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an 1 Deireadh Fómhair 2015.

4. CONCLÚID

Ós rud é gur pléadh na leasuithe go léir ar an togra ón gCoimisiún le linn an phlé neamhfhoirmiúil thrípháirtigh, is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis na leasuithe a ghlac an Chomhairle ina seasamh ar an gcéad léamh.